C/2026/4079

24.7.2026

CINNEADH Ó BHIÚRÓ PHARLAIMINT NA hEORPA

an 15 Meitheamh 2026

lena leasaítear na Bearta Cur Chun Feidhme do Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa

(C/2026/4079)

TÁ BIÚRÓ PHARLAIMINT NA hEORPA,

ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go sonrach Airteagal 223(2) de,

ag féachaint do Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa ([1]), agus go sonrach Airteagal 27 de,

ag féachaint do Riail 25 de Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 12 Meitheamh 1990, ghlac Biúró Pharlaimint na hEorpa ('an Biúró') na Rialacha lena rialaítear an Scéim Pinsean Dheonach ([2]) ('an Scéim').

(2) Leagtar amach na cearta agus na hoibleagáidí is infheidhme maidir le Feisirí agus tairbhithe eile faoin Scéim in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacha lena Rialaítear Íocaíocht Speansas agus Liúntas le Feisirí Pharlaimint na hEorpa (rialacha PEAM), dá dtagraítear in Airteagal 83 de na Bearta Cur Chun Feidhme do Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa ([3]) ('na Bearta Cur Chun Feidhme').

(3) Thug an Biúró treoir do na Caestóirí ciste ('an Ciste') a bhunú chun ranníocaíochtaí leis an Scéim a bhainistiú agus chun íocaíochtaí pinsin a dhéanamh. Bunaithe ar chinntí na gCaestóirí an 28 Samhain 1991 agus an 14 Iúil 1993, bunaíodh eagraíocht neamhbhrabúsach ('ASBL') faoi dhlí Lucsamburg, ar fhormheas an Biúró a cuid reachtanna an 8 Iúil 1993. Bhunaigh an ASBL, ag gníomhú dó ina cheart féin *société d'investissement à capital variable* chun infheistíochtaí na Scéime a bhainistiú. Níl aon tionchar díreach ag an bParlaimint ar chinntí an ASBL, ar eintiteas dlíthiúil ar leithligh é.

(4) Bhí na Feisirí in ann a bheith páirteach sa Scéim ar bhonn deonach ó Lúnasa 1989 go dtí deireadh an séú téarma parlaiminteach (2004 go 2009). An 15 Iúil 2009, tháinig Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa ('an Reacht') i bhfeidhm, lena bhforáiltear do chomhchóras pinsin d'Fheisirí. Dúnadh an Scéim do bhallraíocht nua.

(5) Ó 2009 i leith, tá meath tapa tagtha ar staid airgeadais an Chiste mar gheall, *inter alia,* ar fhoirceannadh na ranníocaíochta agus ar thorthaí neamhleora ar infheistíochtaí.

(6) Rinne an Biúró idirghabháil roinnt uaireanta chun inbhuanaitheacht an Chiste a fheabhsú, go háirithe trína chinntí an 1 Aibreán 2009, an 10 Nollaig 2018 ([4]) agus an 12 Meitheamh 2023 ([5]) faoi seach. Cé gur laghdaíodh easnamh achtúireach an Chiste agus gur laghdaíodh dliteanas na Scéime mar thoradh ar na bearta a glacadh, ní raibh siad in ann sócmhainneacht fhadtéarmach an Chiste a athshlánú.

([1]) Cinneadh 2005/684/CE, Euratom ó Pharlaimint na hEorpa an 28 Meán Fómhair 2005 lena nglactar Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa (IO L 262, 7.10.2005, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2005/684/oj).

([2]) Tháinig na Rialacha lena rialaítear an Scéim Pinsin Bhreise (Deonach) i bhfeidhm go cúlghabhálach ón 1 Lúnasa 1989 agus rinne an Biúró iad a leasú tuilleadh an 8 Iúil 1993, an 12 Nollaig 1994, an 13 Meán Fómhair 1995, an 13 Samhain 1995, an 17 Meán Fómhair 1996, an 17 Samhain 1997, an 10 Márta 1999, an 20 Meán Fómhair 2000 agus an 2 Iúil 2001, an 13 Bealtaine 2002, an 5 Meán Fómhair 2005, an 30 Samhain 2005, an 20 Samhain 2008 agus an 1 Aibreán 2009.

([3]) Cinneadh ón mBiúró an 11 Meán Fómhair 2023 maidir le Bearta Cur Chun Feidhme do Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa agus lena n-aisghairtear Cinneadh ón mBiúró an 19 Bealtaine agus an 9 Iúil 2008 (IO C, C/2024/2814, 26.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/2814/oj).

([4]) Cinneadh ó Bhiúró Pharlaimint na hEorpa an 10 Nollaig 2018 lena leasaítear na Bearta Cur Chun Feidhme do Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa (IO C 466, 28.12.2018, lch. 8).

([5]) Cinneadh ó Bhiúró Pharlaimint na hEorpa an 12 Meitheamh 2023 lena leasaítear na Bearta Cur Chun Feidhme do Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa (IO C 227, 29.6.2023, lch. 5).

(7) Beidh tionchar ag ídiú shócmhainní an Chiste, a cheaptar a tharlóidh ag deireadh 2026, ar chumas an Chiste leanúint d'íocaíochtaí pinsin míosúla a dhéanamh. Ní mhúchfadh ídiú den sórt sin, áfach, na cearta pinsin atá gnóthaithe ag na tairbhithe ná na teidlíochtaí todhchaí faoin Scéim, a thagann ón Reacht agus ó na rialacha lena rialaítear an Scéim arna nglacadh agus arna leasú ina dhiaidh sin ag an mBiúró.

(8) Foráiltear le hAirteagal 27 den Reacht go bhfuil an Ciste arna bhunú ag an bParlaimint le coinneáil ar bun tar éis theacht i bhfeidhm an Reachta do na Feisirí nó na h-iar-Fheisirí a bhfuil cearta nó teidlíochtaí todhchaí gnóthaithe acu sa Chiste cheana féin, go bhfuil aon chearta gnóthaithe agus teidlíochtaí todhchaí le coinneáil ar bun ina n-iomláine, agus go bhfuil sé de cheart ag an bParlaimint critéir agus coinníollacha a leagan síos lena rialaítear cearta nó teidlíochtaí nua a fháil.

(9) Ag an gcruinniú a bhí aige an 1 Aibreán 2009, chinn an Biúró go nglacfadh an Pharlaimint freagracht dhlíthiúil uirthi féin as cearta pinsin chomhaltaí na Scéime a ráthú sa chás ina n-ídeofaí an Ciste, agus go n-aistreofaí chuig an bParlaimint aon chaipiteal a bheadh fágtha sa Chiste tar éis na teidlíochtaí pinsin a urramú, rud a d'éileodh go ndéanfaí Reachtanna an Chiste a leasú dá réir.

(10) Ina breithiúnais an 17 Nollaig 2025 ([6]), thug Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh dá haire gealltanas na Parlaiminte chun na h-íocaíocht pinsean a chlúdach óna buiséad féin agus gur cuireadh an gealltanas sin in iúl do chomhaltaí an Chiste an 3 Aibreán 2009, rud a léiríonn go bhféadfadh ionchais dhlisteanacha a bheith mar thoradh air sin.

(11) I bhfianaise fhreagracht dhlíthiúil na Parlaiminte i ndáil le seasamh leis an Scéim, ní mór don Pharlaimint na bearta is gá a dhéanamh chun leanúnachas íocaíochtaí pinsin a áirithiú faoi chreat dlíthiúil agus riaracháin inmharthana tar éis do shócmhainní an Chiste a bheith ídithe.

(12) I bhfianaise na n-imthosca sin, ag an gcruinniú a bhí aige an 15 Meitheamh 2026, d'admhaigh an Biúró, mar gheall ar ídiú shócmhainní an Chiste, go bhfuil íocaíochtaí pinsin faoin Scéim le déanamh go díreach ó bhuiséad Pharlaimint na hEorpa ón 1 Eanáir 2027. Dá bhrí sin, i gcomhréir leis an gCinneadh ón mBiúró an 1 Aibreán 2009, dhéanfaí aon chaipiteal atá fágtha sa Chiste tar éis na teidlíochtaí pinsin do mhí na Nollag 2026 a urramú a aistriú chuig an bParlaimint. Ba cheart, dá bhrí sin, na Bearta Cur Chun Feidhme a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Airteagal 83 de na Bearta Cur Chun Feidhme mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. Aon phinsean breise de bhun Airteagal 1 agus Airteagal 2 d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialacha PEAM, nach bhfuil iníoctha go fóill an 1 Eanáir 2019, beidh sé faoi réir tobhach speisialta arb ionann é agus 5 % de mhéid ainmniúil an phinsin.';

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

'5. Maidir leis an pinsean (deonach) breise do thairbhithe eile de bhun Airteagail 3 agus 4 d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialacha PEAM nach raibh iníoctha go fóill an 1 Eanáir 2019, beidh sé faoi réir tobhach speisialta arb ionann é agus 5 % de mhéid ainmniúil an phinsin.';

(3) scriostar mír 7;

(4) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

'9. Amhail ón 1 Eanáir 2027, déanfaidh an Pharlaimint aon phinsean breise agus aon phinsean do thairbhithe, de bhun Airteagail 1 go 4 d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialacha PEAM, a íoc go díreach leis na hiar-Fheisirí agus le tairbhithe eile'.

([6]) Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 17 Nollaig 2025, *Enrique Barón Crespo agus eile v Parlaimint na hEorpa*, i Gcásanna Uamtha T-620/23 go T-1023/23, ECLI:EU:T:2025:1109.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo ón 1 Eanáir 2027.